



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséal, 25 Nollaig 2020
(OR. en)

14337/20

LIMITE

UK 137

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	25 Nollaig 2020
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2020) 857 final
Ábhar:	Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena bhformheastar tabhairt i gcrích, ag an gCoimisiún Eorpach, an Chomhaontaithe idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach maidir leis an gcomhar i ndáil le hÚsáid Shábháilte agus Shíochánta an Fhuinnimh Núicléach, agus tabhairt i gcrích, ag an gCoimisiún Eorpach, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach de pháirt agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann den pháirt eile

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 857 final.

Faoi iamh: COM(2020) 857 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.12.2020
COM(2020) 857 final

SENSITIVE*

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena bhformheastar tabhairt i gcrích, ag an gCoimisiún Eorpach, an Chomhaontaithe idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach maidir leis an gcomhar i ndáil le hÚsáid Shábháilte agus Shíochánta an Fhuinnimh Núicléach, agus tabhairt i gcrích, ag an gCoimisiún Eorpach, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach de pháirt agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann den pháirt eile

* Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions <https://europa.eu/db43PX>

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

An 29 Márta 2017, thug Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') fógra don Chomhairle Eorpach de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE') go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('Euratom' nó an 'Comhphobal').

Tar éis údarú ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017, chaibidligh an Coimisiún comhaontú leis an Ríocht Aontaithe ina leagtar amach na socruithe maidir lena tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach. An 30 Eanáir 2020, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/135,¹ maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Chomhaontuithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'). Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020 agus déantar foráil ann maidir le hidirthréimhse lena linn a mbeidh feidhm ag dlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an gComhaontú sin. Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse sin an 31 Nollaig 2020.

Ina treoirlinnte an 23 Márta 2018, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach cinneadh an Aontais go mbeadh comhpháirtíocht chomh dlúth agus ab fhéidir aige leis an Ríocht Aontaithe sa todhchaí. De réir na dtreoirlinnte sin, ba cheart go gcumhdófaí le comhpháirtíocht den sórt sin comhar trádála agus eacnamaíoch chomh maith le réimsí eile. Shocraigh an Chomhairle Eorpach na treoirlinnte sin d'fhonn tuiscint fhoriomlán a fháil ar an gcreat don chaidreamh sa todhchaí, a bhí le mionléiriú i ndearbhú polaitiúil arna chomhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a bhí le gabháil leis an gComhaontú um Tharraingt Siar agus a dtagraítear dó ann.

Leagtar amach an creat don chaidreamh sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe² sa dearbhú polaitiúil a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar (an 'Dearbhú Polaitiúil'). Bunaítear leis na paraiméadair do 'chomhpháirtíocht a bheidh uailmhianach, leathan, domhain agus solúbtha fud fad an chomhair trádála agus eacnamaíoch a mbeidh comhaontú saorthrádála cuimsitheach cothromaithe ina chroílár, fhorfheidhmiú an dlí agus an cheartas choiriúil, bheartais eachtrach, na slándála agus na cosanta agus réimsí is forleithne comhair.' Maidir le réimse an fhuinnimh núicléach shibhialta, luaitear an méid seo a leanas sa Dearbhú Polaitiúil: 'ag aithint dóibh an tábhacht a bhaineann leis an tsábháilteacht núicléach agus an neamhleathadh núicléach, ba cheart Comhaontú Comhair Núicléach idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus an Ríocht Aontaithe a bheith ar áireamh leis an gcaidreamh sa todhchaí maidir le húsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach, agus na gealltanais a tugadh cheana maidir lena n-ardchaighdeáin sábháilteachta

¹ Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

² Dearbhú polaitiúil lena leagtar amach an creat don chaidreamh sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire (IO C 34, 31.1.2020, lch. 1).

núicléacha mar thaca leis an gcomhaontú sin.’ Ina theannta sin, tugadh ar aire: ‘[...] intinn na Ríochta Aontaithe baint a bheith aici le cláir thaighde agus oiliúna Euratom.’

Foráiltear in Airteagal 184 den Chomhaontú um Tharraingt Siar go ndéanfaidh 'an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a ndícheall, de mheon macánta agus lánurraim á tabhairt do dhlíchorais a chéile, na bearta is gá a dhéanamh chun caibidlíocht a dhéanamh go gasta ar na comhaontuithe lena rialófar an caidreamh a bheidh eatarthu sa todhchaí dá dtagraítear i nDearbhú Polaitiúil an 17 Deireadh Fómhair 2019 agus chun na nósanna imeachta ábhartha a chur i gcrích chun na comhaontuithe sin a dhaingniú nó a thabhairt chun críche, d'fhoill a áirithiú go mbeidh feidhm ag na comhaontuithe sin, a mhéid is féidir, ó dheireadh na hidirthréimhse.'

An 25 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE, Euratom) 2020/266³ lena n-údaraithear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhaontú comhpháirtíochta nua agus maidir leis na treoracha a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh sin maidir le comhpháirtíocht nua a chaibidliú le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('treoracha caibidlíochta'). Ainmníodh an Coimisiún mar idirbheartaí an Aontais.

Maidir le réimse núicléach sibhialta, luaitear sna treoracha caibidlíochta, *inter alia*, an méid seo a leanas: 'is é is aidhm don chaibidlíocht comhpháirtíocht nua a bhunú idir an tAontas, agus Euratom i gcás inarb ábhartha, agus an Ríocht Aontaithe, ar chomhpháirtíocht chuimsitheach í a chumhdaíonn réimsí leasa a leagtar amach sa Dearbhú Polaitiúil [...].' agus 'an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht núicléach, cosaint ar radaíocht agus neamhleathadh á haithint, ba cheart a áireamh sa chomhpháirtíocht atá beartaithe forálacha maidir le comhar fadréimseach idir Euratom agus an Ríocht Aontaithe maidir le húsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach'.

Leis an gComhaontú sin beidh an Ríocht Aontaithe agus Euratom in ann comhar a bhunú i roinnt réimsí sa réimse núicléach, lena n-áirítear i réimse an taighde núicléach. Chuir an Dearbhú Polaitiúil béim ar leas na Ríochta Aontaithe a bheith comhlachaithe le clár taighde Euratom agus sonraíodh sna treoracha caibidlíochta gur cheart go mbunófaí, leis an gcomhpháirtíocht atá beartaithe, prionsabail ghinearálta, téarmaí agus coinníollacha maidir le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gclár an Aontais agus i gclár Euratom agus maidir lena rannchuidiú leo, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna hionstraimí comhfhreagracha. De bhrí go bhfuil saineolas seanbhunaithe ag an Ríocht Aontaithe i dtaighde núicléach, go háirithe i réimse an fhuinnimh chomhleá, agus go bhfuil Euratom ag gabháil go hidirnáisiúnta d'fhorbairt an réimse sin, rachadh sé chun tairbhe do Euratom agus don Ríocht Aontaithe araon. Go háirithe, cheadódh an comhlachas sin don Ríocht Aontaithe páirt a ghlacadh mar thríú tír comhlachaithe i gClár Taighde Euratom agus sna gníomhaíochtaí comhleá Eorpacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ITER, trína ballraíocht mar thríú tír leis an gComhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (Fuinneamh Comhleá).

Rinne an Coimisiún an chaibidlíocht laistigh den chreat a socraíodh leis na treoracha caibidlíochta an 25 Feabhra 2020, i gcomhairle le Coreper agus leis an Meitheal um Ríocht Aontaithe na Comhairle.

³ Cinneadh (AE, Euratom) 2020/266 ón gComhairle lena n-údaraithear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta (IO L 58, 27.2.2020, lch. 53).

Tar éis na caibidlíochta, d'aontaigh na Páirtithe, ar leibhéal na n-idirbheartaithe, Comhaontú maidir leis an gcomhar i ndáil le húsáid shábháilte agus shíochánta an fhuinnimh núicléach ('Comhaontú Euratom'), agus Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (an 'Comhaontú Trádála agus Comhair').

Is ábhar práinne speisialta é teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Tá naisc fhairsinge ag an Ríocht Aontaithe, ós iar-Bhallstát í, leis an Aontas i raon leathan réimsí eacnamaíocha agus réimsí eile. Mura mbeidh aon chreat is infheidhme lena rialaítear an caidreamh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis an 31 Nollaig 2020, cuirfear isteach go mór ar an gcaidreamh sin, rud a rachaidh chun dochair do dhaoine aonair, do ghnólachtaí agus do pháirtithe leasmhara eile. Níorbh fhéidir bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht ach ag céim an-déanach sula ndeachaigh an idirthréimhse in éag. Níor cheart go gcuirfeadh aga déanach den sórt sin an grinnschrúdú daonlathach atá le feidhmiú ag Parlaimint na hEorpa i gcomhréir leis na Conarthaí i mbaol. I bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla sin agus ar mhaithe le comhsheasmhacht leis an nós imeachta ar leithligh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair thar ceann an Aontais, molann an Coimisiún an Comhaontú a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht Euratom.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Iarradh i dtreoirilínte ón gComhairle Eorpach an 23 Márta 2018 agus sa Dearbhú Polaitiúil araon go mbeadh dlúth-chomhpháirtíocht ann idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe amach anseo.

Le Comhaontú Euratom, dearbhaítear tiomantas soiléir an dá Pháirtí i bhfabhar neamhleata agus ardleibhéal sábháilteachta fuinnimh núicléach d'fhonn úsáid shíochánta agus shábháilte an fhuinnimh núicléach a ráthú. Luíonn sé le beartas an Chomhphobail maidir le cinnteacht an tsoláthair fuinnimh. D'fhonn leanúint leis an gcaidreamh comhoibritheach foriomlán idir Euratom agus an Ríocht Aontaithe, tá an tábhacht a bhaineann leis an gComhaontú Euratom ar leithligh seo a thabhairt i gcrích bunaithe den chuid is mó ar an leas frithpháirteach creat cobhsaí dlíthiúil a bhunú lena gcothófaí comhar cothrom agus cómhalmartach maidir le húsáid shábháilte agus shíochánta an fhuinnimh núicléach agus lena n-éascófaí malartú ábhair, trealamh agus teicneolaíochtaí núicléacha, ós rud é go bhfuil ról tábhachtach ag an Ríocht Aontaithe sa réimse núicléach sibhialta agus go bhfuil idirchaidreamh tábhachtach idir na Páirtithe sa réimse sin.

I gcás Euratom, is é an leas ar leith a bhaineann leis an gComhaontú seo a thabhairt i gcrích ná go n-áirithítear leis comhar leanúnach maidir le sábháilteacht núicléach, coimirceí núicléacha, taighde núicléach agus forbairt núicléach agus go gceadaítear leis leibhéal iomchuí coimirceí, caighdeán cosanta fisicí agus caighdeán rialaithe onnmhairithe a bheith ann. Leis an gComhaontú éascaítear a thuilleadh trádáil núicléach idir na Páirtithe agus le tríú tíortha eile a bhfuil comhaontuithe comhair comhchosúla ag an gComhphobal leo. Áirithítear le Comhaontú Euratom freisin go gcuirfear prionsabail an chómhargaidh núicléach faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (an 'Conradh Euratom') i bhfeidhm ar na hítimí atá faoi réir an Chomhaontaithe agus ceanglaítear leis go ndéanfar ítimí den sórt sin a aistriú agus seirbhísí ábhartha a sholáthar faoi choinníollacha cothroma tráchtála.

Le tabhairt i gcrích chomhaontú Euratom, cruthófar creat fadtéarmach cobhsaí do na Páirtithe agus dá rialtais agus dá n-oibreoirí tionsclaíocha, ina bhféadfaí an comhar sin a chur ar bun, chomh maith leis an gcomhar i dtaighde agus i bhforbairt i réimse an fhuinnimh núicléach a spreagadh agus a éascú ar bhonn comhshochair, comhionannais agus cómhalartachta.

Tá Comhaontú Euratom bunaithe ar fhasaigh atá ann cheana sa réimse seo, i.e. faoi láthair tá ocht gcomhaontú Euratom maidir le comhar núicléach ann le tríú tíortha (le SAM, Ceanada, an Astráil, an tSeapáin, an Chasacstáin, an Úisbéiceastáin, an Úcráin agus an Airgintín).

Is é an ghné úrnua den Chomhaontú Euratom seo go bhfuil forálacha níos leithne agus níos uailmhianaí ann maidir le comhar maidir le sábháilteacht núicléach i gcomhréir leis an Dearbhú Polaitiúil agus maidir le haistrithe teicneolaíochta núicléacha i gcomhréir leis na teoracha caibidlíochta.

A bhuí leis an gcomhar taighde núicléach agus, go háirithe, le comhlachas na Ríochta Aontaithe mar thríú tír le clár taighde Euratom agus le gníomhaíochtaí Fuinnimh Comhleá, beidh an Ríocht Aontaithe in ann leanúint dá saineolas i réimse na ngníomhaíochtaí eamhnaithe agus comhleá, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le ITER, a roinnt. Cuirfear an comhlachas sin chun feidhme tríd an gComhaontú Trádála agus Comhair agus na Prótacail a ghabhann leis agus beidh ról lárnach aige maidir le taighde núicléach Eorpach a fhorbairt ina raibh an Ríocht Aontaithe ina gníomhaí mór mar Bhallstát de Euratom.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais agus de chuid an Chomhphobail Euratom**

Le Comhaontú Euratom, comhlánaítear an Comhaontú Trádála agus Comhair agus urramaítear go hiomlán na Conarthaí agus caomhnaíonn sé sláine agus uathriail Chomhphobal Euratom agus dhlíchórais an Aontais Eorpaigh. Cuireann sé luachanna, cuspóirí agus leasanna Chomhphobal Euratom agus an Aontais Eorpaigh chun cinn, agus áiríthíonn sé comhsheasmhacht, éifeachtacht agus leanúnachas a chuid beartas agus gníomhaíochtaí.

2. BUNÚS DLÍ

Is é Airteagal 101 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach an bunús dlí sonrach chun Comhaontú Euratom, chomh maith leis an gComhaontú Trádála agus Comhair i ndáil le hábhair a thagann faoi inniúlacht Chonradh Euratom, a chaibidlíú agus a thabhairt i gcrích.

3. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá raon feidhme na comhpháirtíochta atá beartaithe i gComhaontú Euratom cuimsitheach agus tá sé i gcomhréir leis na teoracha caibidlíochta ón gComhairle an 25 Feabhra 2020. Áirítear ann réimsí spéise a leagtar amach sa Dearbhú Polaitiúil.

Le Comhaontú Euratom, urramaítear neamhspleáchas Euratom agus chinnteoireacht an Aontais agus a ndlíchórais, sláine a mhargaidh aonair lena n-áirítear an cómhargadh núicléach. Léiríonn Comhaontú Euratom stádas na Ríochta Aontaithe mar thríú tír nach bhfuil na cearta céanna aici agus nach bhfuil na sochair chéanna aici agus atá ag Ballstát den Aontas Eorpach agus de Chomhphobal Euratom. Tá Comhaontú Euratom bunaithe ar chreat rialachais ar gnáthchreat é do chomhaontuithe Euratom maidir le comhar núicléach atá ann cheana.

Tá 25 airteagal agus iarscríbhinn amháin sa dréacht-togra ón gCoimisiún maidir le Comhaontú Euratom.

Sainítear in Airteagal 1 cuspóir Chomhaontú Euratom, is é sin creat a chur ar fáil le haghaidh comhair idir Euratom agus an Ríocht Aontaithe in úsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach ar bhonn comhshochair agus cómhálartachta agus gan dochar d'inniúlachtaí faoi seach gach Páirtí .

Tugtar sainmhínithe in Airteagal 2. Is éard atá i raon feidhme agus i bhfoirmeacha an chomhair núicléach (Airteagail 3 agus 4) den chuid is mó aistrithe ábhair núicléacha, ábhair neamhnúicléacha, trealamh agus teicneolaíochta; coimircí núicléacha; cosaint fhisiciúil; taighde agus forbairt i réimse an fhuinnimh núicléach, bainistiú sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí, lena n-áirítear diúscairt gheolaíoch; sábháilteacht núicléach agus cosaint ar radaíocht, lena n-áirítear ullmhacht éigeandála agus faireachán ar leibhéil radaighníomhaíochta sa chomhshaol; úsáid rada-iseatóipí agus radaíochta sa talmhaíocht, sa tionscal, sa leigheas, agus sa taighde; gnéithe rialála d'úsáidí síochánta fuinnimh núicléach; faisnéis a mhalartú i réimsí leasa fhrithpháirtigh, amhail coimircí núicléacha, sábháilteacht núicléach, leibhéil radaighníomhaíochta sa chomhshaol agus soláthar raidiseatóp, etc.

Sainítear a thuilleadh i gComhaontú Euratom na hítimí atá faoi réir an Chomhaontaithe seo (Airteagal 5). Cuirtear i bhfios go láidir go mbeidh ábhar núicléach faoi réir forálacha sonracha maidir le coimircí (i gcás an Chomhphobail: coimircí Euratom de bhun Chonradh Euratom agus coimircí GIFA agus a Phrótaicail Bhreise; i dtaca leis an Ríocht Aontaithe: an córas cosanta intíre agus coimircí GIFA agus a phrótaicail bhreise) (Airteagal 6). Tá airteagal amháin i gComhaontú Euratom maidir le cosaint fhisiciúil (Airteagal 7).

Le hAirteagal 8 de Chomhaontú Euratom áirithítear go leanfaidh Ríocht Aontaithe de leibhéal iomchuí sábháilteachta núicléiche a choinneáil ar bun agus go n-oibreoidh Euratom agus an Ríocht Aontaithe le chéile chun feabhas leanúnach a chur ar chaighdeán agus ar Choinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir leis an tsábháilteacht núicléach, agus ar a gcur chun feidhme; déantar foráil ann freisin maidir le comhar leanúnach trí rannpháirtíocht fhéideartha na Ríochta Aontaithe mar thríú tír i gcórais agus i ngrúpaí éagsúla de chuid an Chomhphobail, amhail córais bhunaithe de chuid an Chomhphobail chun faireachán agus malartú faisnéise a dhéanamh ar leibhéil radaighníomhaíochta sa chomhshaol (Malartú Faisnéise Raideolaíoch an Chomhphobail Eorpaigh (ECURIE) agus an tArdán Eorpach um Malartú Sonraí Raideolaíoch (EURDEP) agus i nGrúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG)).

Ina theannta sin, tá forálacha i gComhaontú Euratom maidir le haistriú agus athaistriú ítimí núicléacha faoi réir an Chomhaontaithe agus le héascú trádála (Airteagal 9). Foráiltear ann freisin do chreat comhaontaithe ina bhféadfaidh an dá pháirtí gníomhaíochtaí saibhrithe agus athphróiseála a dhéanamh (Airteagail 10 agus 11).

Tá forálacha i gComhaontú Euratom freisin maidir le comhar i ndáil le taighde agus forbairt núicléach, a bhféadfadh rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe mar thríú tír a bheith ar áireamh iontu, i gclár agus i ngníomhaíochtaí taighde agus oiliúna an Chomhphobail; agus ballraíocht na Ríochta Aontaithe sa Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (Fuinneamh Comhleá) i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair (Airteagal 12).

Forálacha sonracha maidir le malartú faisnéise agus saineolais theicniúil (Airteagal 13), Maoin Intleachtúil (Airteagal 14), socruithe riaracháin (Airteagal 15) agus cur chun feidhme

(Airteagal 16). Chun cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme rianúil Chomhaontú Euratom a ráthú, cuirtear isteach airteagail shonracha maidir leis an dlí is infheidhme (Airteagal 17), comhaontuithe atá ann cheana (Airteagal 18), an Comhchoiste (Airteagal 19), comhairliúchán (Airteagal 20), réiteach díospóidí (Airteagal 21), scor an chomhair i gcás sárú tromchúiseach (Airteagal 22), leasuithe (Airteagal 23), teacht i bhfeidhm agus ré (Airteagal 24) agus téacsanna barántúla (Airteagal 25).

Tá forálacha sonracha maidir le hathphróiseáil san Iarscríbhinn.

Trí phrótacal a ghabhann le Cuid a Cúig den Chomhaontú Trádála agus Comhair, beidh an Ríocht Aontaithe rannpháirteach mar thríú tír chomhlachaithe i gClár Taighde Euratom. Beidh an Ríocht Aontaithe ina comhalta freisin, mar thríú tír chomhlachaithe, de Fuinneamh Comhleá. Beidh an comhlachas sin i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle an 27 Márta 2007 ag bunú Fuinneamh Comhleá, agus na Reachtanna atá i gceangal leis, arna leasú go deireanach nó le leasú amach anseo, ag rannchuidiú leis an gcomhar eolaíoch agus teicneolaíoch a bheidh ann amach anseo i réimse an chomhleá núicléach rialaithe trí chomhlachas na Ríochta Aontaithe le Clár Euratom.

Tríd an gComhaontú Trádála agus Comhair, féadfaidh eintitis na Ríochta Aontaithe a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí díreacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

Déantar sainiúlachtaí rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe mar thríú tír chomhlachaithe i gClár Taighde Euratom agus na gníomhaíochtaí comhleá arna ndéanamh ag Fuinneamh Comhleá, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ITER, a mhionsonrú i gCuid a Cúig den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

4. CONCLÚID

Measann an Coimisiún, maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus le Comhaontú Euratom, a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh:

- go bhfuil siad i gcomhréir leis na teoracha caibidlíochta a d’eisigh an Chomhairle an 25 Feabhra 2020;
- go ndeimhníonn siad tiomantas soiléir an dá Pháirtí i bhfabhar an neamhleaththa agus i bhfabhar ardleibhéal leanúnach na sábháilteachta núicléiche d’fhonn úsáid shíochánta agus shábháilte an fhuinnimh núicléach a ráthú;
- go bhfuil siad i gcomhréir le beartas an Chomhphobail maidir le cinnteacht an tsoláthair fuinnimh;
- go neartófar leo a thuilleadh an dea-chaidreamh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i réimse an chomhair maidir le beartas fuinnimh; agus
- go neartófar leo a thuilleadh an comhar idir na Páirtithe maidir le taighde núicléach, go háirithe maidir le fuinneamh comhleá a fhorbairt.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún don Chomhairle, de bhun an dara mír d’Airteagal 101 de Chonradh Euratom, an Comhaontú Trádála agus Comhair agus an Comhaontú idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach um Chomhar maidir le húsáid shábháilte agus shíochánta an Fhuinnimh Núicléach, atá i gceangal leis an Moladh seo, na Comhaontuithe sin a fhorghnó.

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena bhformheastar tabhairt i gcrích, ag an gCoimisiún Eorpach, an Chomhaontaithe idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach maidir leis an gcomhar i ndáil le hÚsáid Shábháilte agus Shíochánta an Fhuinnimh Núicléach, agus tabhairt i gcrích, ag an gCoimisiún Eorpach, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach de pháirt agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom'), agus go háirithe an dara mír d'Airteagal 101 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 25 Feabhra 2020, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún Eorpach tús a chur le caibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta. Tar éis na caibidlíochta, d'aontaigh na Páirtithe, ar leibhéal na n-idirbheartaithe, an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach de pháirt agus an Ríocht Aontaithe den pháirt eile (an 'Comhaontú Trádála agus Comhair'), agus Comhaontú idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach maidir leis an gcomhar i ndáil le húsáid shábháilte agus shíochánta an fhuinnimh núicléach.
- (2) Cumhdaíonn an Comhaontú Trádála agus Comhair bearta a thagann faoi inniúlachtaí an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (an 'Comhphobal'), is é sin an caidreamh le Clár Taighde agus Oiliúna Euratom agus leis an gComhghnóthas Eorpach um ITER arna rialú le forálacha Chuid a Cúig den Chomhaontú Trádála agus Comhair [rannpháirtíocht i geláir an Aontais, bainistíocht fhóna airgeadais agus forálacha airgeadais]. Ba cheart, dá bhrí sin, an Comhaontú Trádála agus Comhair a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail freisin, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom. Is faoi réir nós imeachta ar leithligh atá síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair thar ceann an Aontais Eorpaigh.
- (3) Meabhraítear go bhféadfar dréacht-chomhaontuithe déthaobhacha idir Ballstát den Chomhphobal agus an Ríocht Aontaithe a thabhairt i gcrích, dréacht-chomhaontuithe atá faoi réim Chonradh Euratom lena n-áirítear comhaontaithe maidir le faisnéis eolaíoch nó thionsclaíoch sa réimse núicléach a mhalartú, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha agus na ceanglais nós imeachta a leagtar amach in Airteagail 29 agus 103 den Chonradh sin.

- (4) Ba cheart tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe ag an gCoimisiún idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach maidir leis an gcomhar i ndáil le húsáid shábháilte agus shíochánta an fhuinnimh núicléach, an tabhairt i gcrích sin a fhorghnó.
- (5) Ba cheart tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair ag an gCoimisiún, agus é ag gníomhú thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, ba cheart an tabhairt i gcrích sin a fhorghnó.
- (6) Is ábhar práinne speisialta é teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Tá naisc fhairsinge ag an Ríocht Aontaithe, ós iar-Bhallstát í, leis an Aontas i raon leathan réimsí eacnamaíocha agus réimsí eile. Mura mbeidh aon chreat is infheidhme lena rialaítear an caidreamh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis dheireadh na hidirthréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2020, cuirfear isteach go mór ar an gcaidreamh sin, rud a rachaidh chun dochair do dhaoine aonair, do ghnólachtaí agus do pháirtithe leasmhara eile. I bhfianaise chás eisceachtúil na Ríochta Aontaithe maidir leis an Aontas, práinne an cháis agus an idirthréimse ag teacht chun deiridh an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an ngá atá ann dóthain ama a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle grinnschrúdú iomchuí a dhéanamh ar théacs an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, ba cheart an comhaontú sin a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach freisin a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach. Ba cheart an cur i bhfeidhm sealadach a bheith teoranta ó thaobh ama de mar a leagtar amach in Airteagal FINPROV.11(2) [Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach] den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear tabhairt i gcrích ag an gCoimisiún, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Chomhaontaithe idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach maidir leis an gcomhar i ndáil le húsáid shábháilte agus shíochánta an fhuinnimh núicléach.

Leis seo, údaraítear tabhairt i gcrích ag an gCoimisiún, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann den pháirt eile, lena n-áirítear a fhorálacha maidir le cur i bhfeidhm sealadach, a mhéid a bhaineann le saincheisteanna a thagann faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Tá téacsanna na gComhaontuithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25.12.2020

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*